Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 15 Iúil 2025
(OR. en)

11329/1/25
REV 1 ADD 1

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2025/0051 (COD)**

**CODEC 983**
**ENER 355**
**ENV 669**
**CLIMA 255**
**IND 254**
**RECH 321**
**COMPET 700**
**ECOFIN 963**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (AE) 2017/1938 a mhéid a bhaineann le ról na stórála gáis chun soláthairtí gáis a dhaingniú roimh shéasúr an gheimhridh **(an chéad léamh)**<br>– Glacadh an ghnímh reachtaigh<br>= Ráiteas |

**Ráiteas ón tSlováic**

Aithníonn an tSlóvaic rannchuidiú na mbeart a mholtar sa Rialachán maidir le stóráil gáis chun slándáil fuinnimh an Aontais agus a Bhallstát a mhéadú. Leis an Rialachán, méadaítear freisin an tsolúbthacht a bhfuil géarghá léi chun an oibleagáid stórála gáis a chur chun feidhme agus soláthraítear soiléiriú úsáideach ar a cur i bhfeidhm praiticiúil, go háirithe maidir le stóráil gáis a logánaítear i mBallstáit eile.

Mar sin féin, níl na forálacha in aithris 2 maidir leis an Rialachán REPowerEU atá beartaithe ná an dearbhú dul chun cinn tapa a dhéanamh i dtreo deireadh a chur le hallmhairiú gáis ón Rúis inghlactha ag an tSlóvaic ar roinnt cúiseanna:

Ar an gcéad dul síos, tá an nasc le togra atá faoi réir próiseas reachtach leanúnach thar a bheith neamhghnách agus is féidir breathnú air mar réamhbhreith ar thorthaí a chaibidlíochta, agus ní mór roinnt príomhghnéithe (e.g. dliteanais a eascraíonn as conarthaí gáis fadtéarmacha a cuireadh ar ceal agus cinn eile) a shoiléiriú.

Ar an dara dul síos, níl aon nasc ag an aithris le haon chuid den téacs reachtach féin agus téann sí i bhfad níos faide ná aidhm an Rialacháin maidir le stóráil gáis. Go sonrach, ní féidir leis foinse an tsoláthair gáis a chinneadh ná a eisiamh ar bhealach ar bith chun na hoibleagáidí faoin Rialachán seo a chomhlíonadh.

Dá bhrí sin, maidir lenár seasamh comhsheasmhach i leith an phróisis chun deireadh a chur de réir a chéile leis an spleáchas ar bhreoslaí iontaise ón Rúis, rud atá contrártha go díreach le haithris 2 den Rialachán seo, staonann an tSlóvaic ó vótáil ar an Rialachán seo.